Dúnmharú Shane Geoghegan

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoi thriail Barry Doyle. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

An bhfuil aon eolas agat faoi dhúnmharú Shane Geoghegan?
Cén sport a bhíodh á imirt ag Shane Geoghegan?
Cén chathair inar maraíodh é?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Giúiré_____Accused of
Fiosrúchán_____The Defence
An t-ionchúiseamh_____Prosecution
Curtha ina leith_____Inquiry
Taobh na cosanta_____Jury
Agallamh_____Interview
Admhaigh_____Admit
Lámhach_____Shoot
Breitheamh_____Judge
Ag Séanadh_____Denying

Ceist 3 Anois féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén spórt a d'imríodh Shane Geoghegan?
2. Cén dá sheoladh a luadh le Barry Doyle?
3. Cé mhéad uair ar lámhacadh Shane Geoghegan?
4. Cad air is féidir brath, de réir an ionchúisimh?
5. Cén t-am ar cuireadh an giúiré abhaile tráthnóna inniu?

Ceist 4 Éist leis an sliocht arís agus déan iarracht na bearnaí thíos a líonadh.

Imreoir rugbaí ab ea Shane Geoghegan le Cumann Rugbaí Gharraí Eoin. I mí na Samhna dhá mhíle is a hocht, agus é ar a shlí abhaile, gan é ach nóiméid[1] ó dhoras an tí in eastát _____Tuar an Daill, lámhachadh é cúig huaire[2]. Séanann Barry Doyle, fiche cúig bliain d'aois, a bhfuil seoladh aige i Rae Portland i mBaile Átha Cliath agus i mBóthar de hÍde i Luimneach, gurbh é a _____Shane Geoghegan an oíche sin. Le linn na trialach, dúirt an _____go bhféadfadh an _____brath ar agallamh a rinne[3] Gardaí le linn an_____, agallamh inár admhaigh Barry Doyle gur _____sé Shane Geoghegan.

(tithíochta, dhúnmharaigh,t-ionchúiseamh,giúire,fhiosrúcháin,lámhach)

[1] Nóiméadaí a deirtear sa sliocht
[2] Cúig n-uaire a deirtear i gcanúint na Mumhan
[3] A dhein a deirtear sa sliocht

Ceist 5 ***'Dúradh** gur baineadh...'*

Cén ghné den ghramadach atá i gceist thuas?

Anois déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas.

1. It was eaten after lunch.
2. They were beaten
3. We will be praised
4. It is done everyday
5. The mass will be read
6. The vow will not be broken
7. Names were given to the authorities
8. The rules will be followed

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

Ba cheart pionós an bháis a thabhairt isteach sa tír seo.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Giúiré	**Jury**
Fiosrúchán	**Inquiry**
An t-ionchúiseamh	**Prosecution**
Curtha ina leith	**Accused of**
Taobh na cosanta	**The Defence**
Agallamh	**Interview**
Admhaigh	**Admit**
Lámhach	**Shoot**
Breitheamh	**Judge**
Ag Séanadh	**Denying**

Ceist 3

1. D'imríodh Shane Geoghegan Rugbaí.
2. Rae Portland i mBaile Átha Cliath agus i mBóthar de hÍde i Luimneach
3. Lámhacadh Shane Geoghegan cúig huaire.
4. Dúirt an t-ionchúiseamh gur féidir brath ar an agallamh a rinne na Gardaí.
5. Cuireadh an giúiré abhaile tar éis a cúig tráthnóna inniu.

Ceist 4 Imreoir rugbaí ab ea Shane Geoghegan le Cumann Rugbaí Gharraí Eoin. I mí na Samhna dhá mhíle is a hocht, agus é ar a shlí abhaile, gan é ach nóiméid[4] ó dhoras an tí in eastát **tithíochta** Tuar an Daill, lámhachadh é cúig huaire[5]. Séanann Barry Doyle, fiche cúig bliain d'aois, a bhfuil seoladh aige i Rae Portland i mBaile Átha Cliath agus i mBóthar de hÍde i Luimneach, gurbh é a **dhúnmharaigh** Shane Geoghegan an oíche sin. Le linn na trialach, dúirt an **t-ionchúiseamh** go bhféadfadh an **giúiré** brath ar agallamh a rinne[6] Gardaí le linn an **fhiosrúcháin**, agallamh inár admhaigh Barry Doyle gur **lámhach** sé Shane Geoghegan.

---

[4] Nóiméadaí a deirtear sa sliocht
[5] Cúig n-uaire a deirtear i gcanúint na Mumhan
[6] A dhein a deirtear sa sliocht

Ceist 5

1. Itheadh é tar éis an lóin.
2. Buaileadh iad.
3. Molfar muid.
4. Déantar é gach lá.
5. Léifear an t-Aifreann
6. Ní bhrisfear an mhóid
7. Tugadh ainmneacha do na húdaráis
8. Leanfar na rialacha

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh sa rang.

Eimear Ní Chonaola

Tá an giúiré i dtriail fhear cúig bliana is fiche, a bhfuil sé curtha ina leith gur dhúnmharaigh sé Shane Geoghegan, imreoir rugbaí as Luimneach, curtha abhaile don oíche agus rachaidh siad i mbun machnaimh ar an gcás arís ar maidin. Tá Barry Doyle, a bhfuil seoladh aige i Rae Portland i mBaile Átha Cliath agus i mBóthar de hÍde, Luimneach, ag séanadh gurbh é a dhúnmharaigh Shane Geoghegan i mí na Samhna, dhá mhíle is a hocht.

Siún Nic Ghearailt

Imreoir rugbaí ab ea Shane Geoghegan le Cumann Rugbaí Gharraí Eoin. I mí na Samhna dhá mhíle is a hocht, agus é ar a shlí abhaile, gan é ach nóiméid[7] ó dhoras an tí in eastát tithíochta Tuar an Daill, lámhachadh é cúig huaire[8]. Séanann Barry Doyle, fiche cúig bliain d'aois, a bhfuil seoladh aige i Rae Portland i mBaile Átha Cliath agus i mBóthar de hÍde i Luimneach, gurbh é a dhúnmharaigh Shane Geoghegan an oíche sin. Le linn na trialach, dúirt an t-ionchúiseamh go bhféadfadh an giúiré brath ar agallamh a rinne[9] Gardaí le linn an fhiosrúcháin, agallamh inár admhaigh Barry Doyle gur lámhach sé Shane Geoghegan. Dúirt taobh na cosanta gur chuir[10] Gardaí ina luí ar Bharry Doyle an méid a dúirt sé a rá. Dúradh gur bhaineadar leas as a chailín a bhí faoi choimeád agus a leanbh, Gleoite, chun é sin a dhéanamh. Inniu dúirt an breitheamh Paul Carney leis an ngiúiré tar éis trí huaire[11] an chloig machnamh ar an gcás, go bhféadfaidís teacht ar ais[12] le breith de mhóramh. Tar éis a cúig tráthnóna inniu, cuireadh an giúiré ... Shane Geoghegan abhaile don oíche agus rachaidh siad i mbun machnaimh arís maidin amárach.

Siún Nic Gearailt, Nuacht TG4.

---

[7] Nóiméadaí a deirtear sa sliocht
[8] Cúig n-uaire a deirtear i gcanúint na Mumhan
[9] A dhein a deirtear sa sliocht
[10] Go gcur a deirtear sa mhír nuachta
[11] Trí n-uaire a deirtear i nGaeilge na Mumhan
[12] Thar n-ais atá sa mhír ach ar ais atá sa chaighdeán